



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040



An Roinn Forbartha
Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and
Community Development

Town and Village Renewal Scheme



**Beart Luathaithe
mar fhreagairt ar COVID-19**

Seoltar gach fiosrúchán chuig: townandvillage@drcd.gov.ie

**Scéim Athnuachana
na mBailte agus na Sráidbhailte 2020**

**Achoimre ar Scéim 2020
Don Bheart Luathaithe
mar fhreagairt ar COVID-19**

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

27 Bealtaine 2020

Spriocdháta chun iarratais a fháil faoin mBeart Luathaithe:

Babhta 1: 3 Iúil 2020 (5 iarratas ar a mhéad)

Babhta 2: 14 Lúnasa 2020 (5 iarratas ar a mhéad)

Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte 2020 - Beart Luathaithe mar fhreagairt ar COVID-19

1. Réamhrá

Tugadh Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte isteach in 2016 agus tá sí ar cheann de na bearta a ceapadh chun bailte agus sráidbhailte ar fud na hÉireann a athbheochan faoi “*Chlár Infheistíochta um Fhorbairt Tuaithe*” de chuid na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail. Maoinítear an clár faoi Thionscadal Éireann 2040.

In 2020, tá an Clár Infheistíochta um Fhorbairt Tuaithe, lena n-áirítear Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte, á mhionathrú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le COVID-19 atá ag teacht chun cinn. Maidir le Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte, ciallaíonn sin:

- Díriú, faoi Scéim chaighdeánach Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte, ar idirghabhálacha a fhéadfaidh freagairt do na dúshláin nua a bhaineann le COVID-19 agus tacú le téarnamh eacnamaíochta agus sóisialta ár mbailte agus ár sráidbhailte tuaithe;
- Tabhairt isteach snáithe nua de Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte do 2020 a dhíríonn ar idirghabhálacha láithreacha a fhéadfar a sholáthar sa ghearrthéarma chun cabhrú le bailte agus sráidbhailte dul in oiriúint do COVID-19.

Tugtar aghaidh san Achoimre seo ar an Scéim ar an snáithe nua sin dar teideal “Beart Luathaithe mar fhreagairt ar COVID-19”, (Beart Luathaithe anseo feasta).

2. 2020 Beart Luathaithe

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a mhaoiníonn an Beart Luathaithe agus na hÚdaráis Áitiúla é.

An cuspóir atá leis an mBeart Luathaithe, cabhrú le soláthar tapa tionscadal lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin ghearrthéarmacha a bhaineann le hardú a chur ar an líon cuairteoirí ar bhailte agus ar shráidbhailte tuaithe, agus cabhrú le gnólachtaí/pobail áitiúla dul in oiriúint leis na riachtanais sláinte poiblí, go háirithe an scaradh sóisialta. €5 milliún an maoiniú tascach iomlán atá ar fáil don Bheart seo.

Tríd an mBeart seo, tabharfar neamhspleáchas do na hÚdaráis Áitiúla chun a réitigh féin a shainiú agus a fhorbairt i gcomhairliúchán le leasanna gnó áitiúla (e.g. Comhlachais Tráchtála), Foirne Bailte (nó a gcomhionann) agus grúpaí pobail, de réir mar is cuí.

Féadfaidh an tÚdarás Áitiúil nó eagraíocht phobail/gnó na tionscadail a sholáthar go díreach. Táthar ag súil go mbeidh caiteachas ar sholáthairtí agus ar sheirbhísí de chineál caipitil i gceist leis na tionscadail, chomh maith le roinnt oibreacha beagscála a mbeifear in ann a sholáthar go tapa, seachas na hoibreacha caipitiúla mórscála atá coitianta faoi Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte.

Beidh dhá spriocdháta ar leithligh ag an mBeart Luathaithe lena chinntiú go bhféadfaidh an maoiniú a bheith freagrúil agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais a bhíonn ag athrú. Leis sin, tabharfar deis do na hÚdaráis Áitiúla dul chun cinn láithreach a dhéanamh ar Bhearta arna sainaitheint ag bailte agus sráidbhailte ag céim luath, fad a éascófar bailte agus sráidbhailte eile a dteastaíonn níos mó ama uathu chun pleananna tionscadail a fhorbairt.

I bhfianaise chineál dóchúil na dtionscadal agus tabhairt isteach nós imeachta iarratais simplithe, ceadóidh agus fógróidh an Roinn na tionscadail sin laistigh de chreat ama gearr.

Tríd is tríd, táthar ag súil go dtabharfar tionscadail faoin mBeart Luathaithe seo chun críche faoi dheireadh 2020.

3. Catagóirí Bailte

I gcomhréir le Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte go ginearálta, díreoidh an Beart Luathaithe ar bhailte agus sráidbhailte ina bhfuil daonra níos lú ná 10,000.

Táthar ag súil le réimse iarratas ó gach Údarás Áitiúil i mbailte agus sráidbhailte ar mhéideanna éagsúla. Agus tionscadail á measúnú agus á roghnú aici, beidh aird ag an Roinn ar an ngá le leathadh leordhóthanach a chinntiú i measc bailte agus sráidbhailte ar mhéideanna éagsúla.

4. An Próiseas Iarratais, Measúnaithe agus Ceadaithe

Roghnófar tionscadail faoin mBeart Luathaithe trí phróiseas iomaíoch agus is í an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a dhéanfaidh an roghnúchán deiridh bunaithe ar na tograí arna gcur isteach ag na hÚdaráis Áitiúla.

Is féidir iarratais a chur isteach faoi dhá bhabhta maoinithe ar leithligh. Seo a leanas na spriocdhátaí chun iarratais a chur isteach faoin dá bhabhta:

Babhta 1, spriocdháta d'iarratais: 3 Iúil 2020.

Babhta 2, spriocdháta d'iarratais: 14 Lúnasa 2020.

Beidh feidhm ag na riachtanais seo a leanas:

- Beidh na hÚdaráis Áitiúla teoranta do 5 iarratas ar a mhéad maidir le gach Babhta iarratais – 10 ar an iomlán idir an dá bhabhta.

- Is ceart do na hÚdaráis Áitiúla tosaíocht tháscach a sholáthar maidir le tionscadail, agus cuimhneamh gurb í an Roinn a dhéanfaidh an roghnúchán deiridh.
- Is ceart iarratais a fhorbairt i gcomhairliúchán le leasanna pobail agus gnó, lena n-áirítear Foirne Bailte, Comhlachais Tráchtála (nó a gcomhionann) agus eagraíochtaí pobail, de réir mar is cuí.
- Is ceart go mbeadh an poitéinseal ag tograí arna gcur isteach faoin mBeart Luathaithe torthaí nó gníomhartha láithreacha a sholáthar.
- Is ceart go mbainfeadh tograí le soláthairtí nó seirbhísí de chineál caipitil, go príomha, nó le hoibreacha gearrthearma seachas na hidirghabhálacha níos fadtéarmaí a mhaoinítear go hiondúil faoi Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte.
- Moltar do na hÚdaráis Áitiúla freagairtí nua agus nuálacha ar na dúshláin nua a fhorbairt.
- Is faoi gach Údarás Áitiúil a bheidh sé an próiseas chun comhairliúcháin phoiblí a dhéanamh a chinneadh, léirithe spéise a lorg nuair is infheidhme agus tionscadail fhéideartha a shainaithint.
- Ní féidir ach iarratas amháin a chur isteach in aghaidh bhaile/sráidbhaile faoi leith, lena n-áirítear bailte a bheadh faoi shainchúram níos mó ná Údarás Áitiúil amháin.
- Ní féidir iarratas a chur isteach i mBabhta 2 le haghaidh baile nó sráidbhaile ar éirigh leis maoiniú a fháil faoi Bhabhta 1.
- Ní bheidh cosc ar bhaile nó sráidbhaile ar bronnadh maoiniú air faoin mBeart Luathaithe iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú faoi Scéim chaighdeánach Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte in 2020.

5. Tionscadail a Roghnú

Ní mór cur síos mionsonraithe a dhéanamh ar an bhFoirm Iarratais ar an tionscadal atá le maoiniú agus ní mór a thaispeáint an chaoi a gcabhróidh sé leis an mbaile/sráidbhaile dul in oiriúint do na dúshláin shonracha arna gcruthú ag COVID-19.

Agus tionscadail á roghnú ag an Roinn, tabharfar aird ar chúinsí éagsúla, lena n-áirítear caighdeán na faisnéise a cuireadh ar fáil ar an bhFoirm Iarratais; an leibhéal nuálaíochta; réimse, meascán, cáilíocht agus tionchar na dtionscadal molta; tosaíocht na dtionscadal arna léiriú ag an Údarás Áitiúil; agus cúinsí ábhartha eile.

6. Na cineálacha gníomhaíochtaí is féidir tacú leo

Leis an mBeart Luathaithe, tugtar solúbthacht do na hÚdaráis Áitiúla réitigh ar na dúshláin arna gcruthú ag COVID-19 a cheapadh agus a sholáthar, bunaithe ar chúrsaí ina gceantar féin. Féadfar na réitigh sin a shaincheapadh le haghaidh bailte/sráidbhailte faoi leith, nó

d'fhéadfadh tionscadal amháin an réiteach céanna a chur ar fáil do roinnt bailte/sráidbhailte. Cuirfear fáilte roimh réitigh nua agus nuálacha.

Tugtar an liosta seo a leanas mar liosta táscach ach ní mar liosta uileghabhálach de na hidirghabhálacha a d'fhéadfadh na hÚdaráis Áitiúla smaoineamh orthu. Is mar threoir amháin a thugtar na samplaí seo.

Beartha chun plé leis na riachtanais um Scaradh Sóisialta

- Trealamh a sholáthar nó oibreacha a dhéanamh chun cuspóir nua sealadach a thabhairt do limistéir phoiblí, nó chun limistéir do choisithe amháin a dhéanamh díobh, d'fhonn trádáil ar shráideanna/faoin spéir a éascú, agus/nó chun na limistéir sin a dhéanamh síondíonach go sealadach ach ollphubail, scáthbhrait, etc. a úsáid.
- Foirgnimh oidhreachta/pobail a oiriúnú chun freastal ar ghnólachtaí áitiúla iolracha le go ndíolfaidh siad a gcuid táirgí agus seirbhísí, i gcomhréir leis an treoir sláinte poiblí a bhaineann le COVID-19.
- Ardán lárnach ar líne a fhorbairt do bhaile nó sráidbhaile ina bhféadfaidh tomhaltóirí leanúint orthu ag siopadóireacht “go háitiúil” ach cuairt fhíorúil a thabhairt ar na siopaí i mbaile nó sráidbhaile ar aon láithreán gréasáin amháin.
- Saoráidí láraithe áitiúla carrsheirbhíse a sholáthar do nithe arna gceannach ar líne nó ar an teileafón.

Beartha chun tuilleadh cuairteoirí a spreagadh

- Brandáil/margaíocht chomhchoiteann do bhailte/sráidbhailte ar chainéil na meán sóisialta agus traidisiúnta.
- Caiteachas caipiteal a bhaineann le féilte nó imeachtaí beagscála amach sa bhliain nuair a cheadóidh na treoirlínte sláinte poiblí iad.
- Éadain siopaí a phéinteáil agus a fheabhsú agus mionfheabhsúcháin eile ar an ríocht phoiblí (suíocháin, plandáil/tírdhreachú, domhainghlanadh limistéir phoiblí, etc.).
- Infheistíocht i limistéir phoiblí a oiriúnú, cosáin, etc., chun iad a dhéanamh inrochtana do dhaoine ar gach aois agus cumas.

7. Na cineálacha gníomhaíochtaí nach dtacófar leo

- Is ceart tionscadail lena mbaineann creat ama níos mó ná 6 mhí chun iad a thabhairt chun críche a chur isteach trí bhíthin Scéim chaighdeánach Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte (spríocdháta d'iarratas: an 28 Lúnasa 2020).
- Costais Oibriúcháin Leanúnacha – is ceart do thionscadail a bheith de chineál caipitil, de ghnáth, agus ní mór íoc as costais oibriúcháin leanúnacha as do chiste féin.
- Tacaíocht d'fhiontar príobháideach aonair – glacfar le tionscadail a thugann cúnamh comhchoiteann d'fhiontair phríobháideacha laistigh de bhaile/ sráidbhaile.

8. Leibhéal Deontas

€5 milliún an maoiniú tásach iomlán atá ar fáil don Bheart seo.

€25,000 in aghaidh an tionscadail an t-uasleibhéal maoinithe a bheidh ann, ach d'fhéadfaí sin a ardú go €40,000 i gcás líon beag tionscadal ardtionchair (féadfaidh na hÚdarás Áitiúla 1 tionscadal ardtionchair amháin ar fiú suas go €40,000 é a chur isteach i ngach babhta maoinithe).

90% de chostas iomlán tionscadail a bheidh sa ráta cúnaimh. Tugadh isteach an leibhéal níos airde cúnaimh in 2020 mar aitheantas ar an timpeallacht dhúshlánach a bhaineann le ranníocaíochtaí airgeadais a aimsiú i bhfianaise ghéarchéim COVID-19.

Cuirfear an maoiniú deontais don tionscadal ceadaithe ar fáil ó bhuiséad caipitil na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail.

I bhfianaise chineál na dtionscadal faoin mBeart Luathaithe, táthar ag súil nach n-áireofar costais ghairmiúla agus costais riaracháin na nÚdarás Áitiúil le costais na dtionscadal, i bhformhór mór na gcásanna. Mar sin féin, i gcomhréir le Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte go ginearálta, ceadaítear costais ghairmiúla agus/nó costais riaracháin na nÚdarás Áitiúil a bhaineann le tionscadal molta suas go huasmhéid de 10% de chostais fhoriomlána an tionscadail. Ní mór na costais sin a leagan amach go soiléir san iarratas. Beidh aird ar leibhéal na gcostas sin agus tionscadail faoin mbeart seo á measúnú.

Ní mór maoiniú meaitseála 10% a chur ar fáil, agus ar a laghad 5% mar ranníocaíocht in airgead tirim. Féadfaidh an 10% teacht ón Údarás Áitiúil agus/nó ón bpobal agus/nó ó ranníocaíochtaí daonchairdiúla.

9. Sceideal Íocaíochta

Féadfar an maoiniú a tharraingt anuas in aon sciar amháin ar an tionscadal a thabhairt chun críche.

10. Coinníollacha Maoinithe do Scéimeanna Tuaithe arna Maoiniú faoin Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Beidh an caiteachas go léir arna chlárú trí bhíthin Scéimeanna Tuaithe na Roinne, i.e. Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte, CLÁR, Scéim maidir le Bonneagar Caitheamh Aimsire faoin Spéir (ORIS), faoi réir ag téarmaí an Chóid Chaiteachais Phoiblí atá le fáil ag <http://publicspendingcode.per.gov.ie/>.

Ina theannta sin, beidh feidhm ag na riachtanais arna leagan amach thíos maidir leis an maoiniú go léir a cheadófar trí bhíthin na scéimeanna sin. Léireofar an gá leis na riachtanais

go léir a chomhlíonadh sa chomhaontú conartha idir An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus an deontáí a gceadófar maoiniú faoin scéim ina leith.

1. Beifear ag súil go dtosófar agus go gcríochnófar tionscadail i gcomhréir leis na hamlínte arna leagan amach san Achoimre ábhartha ar an Scéim.
2. Féadfaidh an Roinn maoiniú a bhí leithdháilte ar thionscadail faoin Scéim a tharraingt siar sa chás nach mbeidh an tionscadal tugtha chun críche laistigh den tréimhse ama a bhí sonraithe, agus sa chás nach ndearnadh comhaontú sainráite leis an Roinn roimh ré síneadh ama a chur leis an socrú maoinithe.
3. Soláthrófar an maoiniú deontais don tionscadal ceadaithe ó bhuiséad caipitil na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail. Is ceart costais riaracháin agus/nó costais ghairmiúla a bhaineann leis an tionscadal beartaithe, sa chás go gceadaítear iad san Achoimre ar an Scéim, a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Ní mór na costais sin a leagan amach go soiléir san iarratas agus ní cheadófar iad ach suas go huasmhéid de 10% de chostais fhoriomlána an tionscadail.
4. Sa chás go gceadaítear iad san Achoimre ábhartha ar an Scéim, féadfar ranníocaíochtaí comhchineáil, suas go dtí an méid uasta arna leagan amach san Achoimre ábhartha ar an Scéim, a sholáthar i bhfoirm saothar deonach (i.e. obair nach n-íoctar as) nach mór a bhunú ar an am deimhnithe a caitheadh ar an tionscadal.
 - An ráta is ceart a chur i bhfeidhm, an luach saothair a bheadh ar obair comhionann, suas go ráta uasta de €14 san uair. Ní mór don deontáí a chinntiú go mbeidh údar ceart ag an ráta san uair a chuirfear i bhfeidhm don obair a dhéanfar.
 - Sa chás go mbeidh Saothar Deonach mar chuid de thionscadal, cuirtear in iúl don deontáí go mbeidh feidhm le riachtanais na reachtaíochta go léir maidir le Sláinte agus Sábháilteacht.
 - Níl riarachán don tionscadal, e.g. freastal ar chruinnithe, foirm iarratais an deontais a ullmhú, tarraingt anuas maoinithe a éileamh ná costais bhainistíochta incháilithe mar shaothar deonach.
 - Níl saothar arna chur ar fáil ag rannpháirtí ar scéim RSS/TUS/scéim eile arna maoiniú ag an státchiste incháilithe le húsáid mar ranníocaíocht chomhchineáil.
 - Ní mór saothar deonach a thabhairt chun críche sula ndéantar an t-éileamh deiridh ar tharraingt anuas chuig an Roinn. Féadfar é a chur san áireamh in íocaíochtaí céimnithe, ar an gcoinníoll go mbeidh an obair i gceist tugtha chun críche an tráth a gcuirtear an t-éileamh ar aghaidh.

- Ní mór mionsonraí faoin saothar deonach go léir arna éileamh a choimeád ar bhileog ama (1 bileog ama in aghaidh an duine). Cuirfidh an Roinn an bhileog ama ar fáil. Déanfar taifead ar an mbileog ama ar na mionsonraí seo a leanas;
 - Ainm an duine a dhéanann an obair
 - Cineál, am agus dátaí na n-oibreacha, méid na n-uaireanta a oibríodh agus an ráta san uair,
 - Síniú an duine a rinne an obair chomhchineáil,
 - Ní mór don chomhordaitheoir arna cheapadh don tionscadal an bhileog ama a shíniú.
5. Is riachtanach ranníocaíocht in airgead tirim a dhéanamh, mar a leagtar amach san Achoimre ábhartha ar an Scéim. Beidh ar an deontaí dearbhú a sholáthar go bhfuil an ranníocaíocht in airgead tirim déanta agus beidh orthu taifead ar fhoinsé na ranníocaíochta in airgead tirim a choimeád.
 6. Ní mór go mbeidh tionscadail tugtha chun críche go hiomlán chun méid iomlán an deontais a tharraingt anuas. Sa chás go mbunófar nach bhfuil tionscadal tugtha chun críche, féadfaidh an Roinn iarraidh ar an ÚÁ aon mhaoiniú a fuarthas don tionscadal a aisíoc. Ní mór aon athruithe ar an tionscadal beartaithe a chur in iúl don Roinn agus a chomhaontú leis an Roinn sula ndéanfar iad.
 7. Sa chás nach gcuirtear gné den tionscadal ceadaithe i gcrích de réir iarratais an tionscadail, is féidir an maoiniú deontais a laghdú mar léiriú ar an tionscadal leasaithe.
 8. Sa chás go mbaineann an tionscadal le hoibreacha ar fhoirgnimh nó ar thailte nach leis an deontaí iad, ní mór léas 5 bliana ar a laghad a bheith i bhfeidhm ón dáta a mbeidh an tionscadal tugtha chun críche.
 9. I gcás mhaoiniú arna leithdháileadh d'fhiontair nó do shaoráidí (i.e. ionad pobail, moil, feithiclí faoi CLÁR, etc.), is riachtanas é go gcaithfidh siad oibriú mar a maoiníodh iad ar feadh 5 bliana ar a laghad i ndiaidh don chéim dheireanach den mhaoiniú a bheith eisithe, nó seans go mbeidh orthu maoiniú a aisíoc. Sa chás nach n-oibreoidh siad mar a maoiníodh iad, caithfidh siad é sin a chur in iúl don Roinn agus a chomhaontú leis an Roinn roimh ré.
 10. Ní mór cloí leis na rialacha agus na rialacháin iomchuí go léir maidir le hairgeadas, Soláthar Poiblí agus cuntasáíocht, agus tabharfaidh gach deontaí cuntas iomlán, tráthúil ar an maoiniú a gheofar.
 11. Is ceart doiciméadúchán iomlán agus cruinn chun tacú leis an gcaiteachas go léir a choimeád agus a bheith ar fáil d'oifigigh na Roinne chun críocha iniúchta an t-am ar fad agus ar feadh tréimhse sé bliana ón dáta a mbeidh an tionscadal tugtha chun críche.

12. Tabharfaidh deontaithe aitheantas don tacaíocht ó Thionscadal Éireann 2040 / ón Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe/ ó Rialtas na hÉireann, agus d'aon fhoinsí maoinithe infheidhme eile (mar a shainaithnítear iad sa Chomhaontú Maoinithe ábhartha) i ngach fógra poiblí, fógraíocht agus comharthaíocht, de réir mar is cuí, a bhaineann leis an tionscadal. Ina theannta sin, féadfaidh an Roinn féachaint leis an tionscadal a úsáid chun a beartais a chur chun cinn ar bhealach níos leithne.
13. Cuirfidh deontaithe pé tuarascálacha agus faisnéis a bhaineann leis an tionscadal agus a fhéadfaidh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a iarraidh go réasúnta ó am go ham, ar fáil.
14. Is ceart faireachán agus meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar aschuir agus ar thorthaí an tionscadail i gcomhthéacs measúnú a dhéanamh ar thionchar an tionscadail. Beifear ag súil go mbaileoidh deontaithe sonraí iomchuí chun an fhoghlaim sin a éascú ar bhonn leanúnach. Is ceart tuairisc ghearr (1-2 leathanach) ar aschuir agus ar thorthaí an tionscadail arna mhaoiniú a chur i gcrích agus a chur ar fáil don Roinn ar iarratas.
15. Cuirfidh gach deontaí pointe/pointí teagmhála ar fáil don Roinn chun íocaíocht agus iarrataí ar fhaisnéis a éascú. Is ceart aon athruithe ar na daoine teagmhála a chur in iúl don Roinn go tráthúil.
16. Beidh seicliosta lena ndearbhófar gur comhlíonadh na coinníollacha maoinithe a bhaineann leis an gcúnamh deontais de dhíth ar an tionscadal a thabhairt chun críche.

I gcás neamhchomhlíonadh leis na coinníollacha a dtugtar achoimre orthu nó le coinníollacha breise ar bith arna gcomhaontú i rith idirbheartaíocht conartha, d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air sin go gcaithfí an cúnamh deontais go léir a bronnadh, nó cuid de, a aisíoc.



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040



An Roinn Forbartha
Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and
Community Development

Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte 2020

Iarratas Tionscadail maidir le

Beart Luathaithe mar fhreagairt ar COVID-19

Uimh. Thagartha an Iarratais

Is ceart do phearsanra an Údaráis Áitiúil an fhoirm seo a chomhlánú agus a sheoladh ar ríomhphost chuig townandvillage@drcd.gov.ie faoi dheireadh an lae oibre ar na dátaí a leanas:

Cuir in iúl pé babhta maoinithe a bhfuil iarratas á dhéanamh air:

- Babhta 1, spriocdháta d'iarratais: Dé hAoine an 3 Iúil 2020
- Babhta 2, spriocdháta d'iarratais: Dé hAoine an 14 Lúnasa 2020

Seoltar gach fiosrúchán chuig: townandvillage@drcd.gov.ie

Ainm an Údaráis Áitiúil:

Baile/Sráidbhaile atá i gceist:

Seoladh Poist an tionscadail:

Méid an Mhaoinithe Deontais á lorg

Ainm Teagmhála (Údarás Áitiúil):

Seoladh ríomhphoist teagmhála:

Uimh. Theileafón Oifige theagmhála:

MIONSONRAÍ FAOIN TIONSCADAL:

1. Cur síos gairid ar an tionscadal (uasmhéid 30 focal) :

2. A bhfuil á Mholadh faoin Tionscadal (uasmhéid 300 focal) :

3. Cé a chuirfidh an tionscadal i bhfeidhm?

4. Míniú gairid ar an gcaoi a chabhróidh an tionscadal seo le gnólachtaí/pobail sa bhaile/sráidbhaile dul in oiriúint do na dúshláin shonracha arna gcruthú ag COVID-19 (e.g. scaradh sóisialta) agus cur leis an líon cuairteoirí/leis an méid gníomhaíochta eacnamaíochta sa ghearrthéarma:

5. Cá huair a chuirfear tús leis an tionscadal agus cá fhad a thógfaidh sé an obair bheartaithe a thabhairt chun críche?

Dáta tosaithe beartaithe:

Dáta críochnaithe beartaithe:

An líon seachtainí a thógfaidh sé an tionscadal seo a thabhairt chun críche:

MIONSONRAÍ AIRGEADAIS

Uimh. CBL an Údaráis Áitiúil:	
Uimhir Chláraithe Cánach :	
Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach:	
Uimhir CHY (más infheidhme):	

COSTAIS AN TIONSCADAIL:

Tabhair miondealú ar ghnéithe uile na n-oibreacha molta:

(liostaigh gach gné)	€
	€
	€
	€
	€
	€
COSTAS IOMLÁN AN TIONSCADAIL	€
An méid Cúnaimh Deontais á lorg: (Uasmhéid 90% de chostas iomlán an tionscadail suas go huasdeontas €25,000 nó €40,000 (1 iarratas in aghaidh an ÚÁ))	€
Maoiniú Meaitseála le soláthar: (ar a laghad 10% den chostas iomlán: 5% in airgead tirim (íosmhéid) agus/nó 5% comhchineáil (uasmhéid))	€
Méid na Ranníocaíochta in Airgead Tirim: (íosmhéid 5% den chostas iomlán) Le cur ar fáil ag:	€
Méid na Ranníocaíochta Comhchineáil: (íosmhéid 5% den chostas iomlán) Cineál Ranníocaíochta Comhchineáil Le cur ar fáil ag:	€

DEARBHÚ

Iarraim cúnamh chun tacú leis an tionscadal mar a leagtar amach é agus deimhním, sa chás go mbronnfar deontas, nach n-úsáidfear é ach amháin don chuspóir dá mbeidh sé ceadaithe. Deimhním go bhfuil mionsonraí an iarratais seo ceart agus go ndearbhaíonn an tÚdarás Áitiúil:

- go bhfuil maoiniú meaitseála i bhfeidhm agus go bhfuil foinse an mhaoinithe meaitseála agus fianaise air ina sheilbh;
- go bhfuil na ceadanna riachtanacha tugtha nó go dtabharfar iad;
- go bhfuil an fhianaise ar úinéireacht/léas (más infheidhme) i gcomhréir leis an Achoimre ar an Scéim;
- go ndearnadh próiseas comhairliúcháin le hionadaithe ón bpobal nó ó leasanna gnó sa bhailte/sráidbhaile agus gur sainaithníodh an tionscadal trí bhíthin an phróisis comhairliúcháin a rinneadh;
- go bhfuil acmhainní ar fáil chun soláthar a dhéanamh do chothabháil leanúnach an tionscadail, más infheidhme;
- go gcomhlíonfaidh na próisis tairisceana go léir na Treoirlínte um Sholáthar Poiblí;
- nach bhfuil maoiniú dúbailte ag an tionscadal.

Níl cruthúnas ar an méid thuas de dhíth tráth an iarratais ach ní mór don Údarás Áitiúil é a choimeád ar taifead agus ní mór dó a bheith ar fáil don Roinn nó dá gníomhairí ach é a iarraidh.

Síniú: _____ **Údarás Áitiúil**
Stiúrthóir Seirbhísí

Dáta: _____